2025/1489

25.7.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1489 ÓN gCOIMISIÚN

**an 24 Iúil 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin, *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, búpróifisin, clóidineafop, comhdhúile copair, ciafluimeitifein, daimínisíd, fluipiridhéfhúrón, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, mandastróibin, mandaprópaimíd, meatam, pireaclóstróibin, rioscalúr, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 200/2013 ón gCoimisiún ([2]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach aimeatochtraidin go dtí an 31 Iúil 2023.

(2) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún ([3]) cuimsíodh *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA mar shubstaintí gníomhacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([4]) go dtí an 30 Aibreán 2019.

(3) Le Treoir 2011/6/AE ón gCoimisiún ([5]) cuimsíodh búpróifisin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE go dtí an 31 Eanáir 2021.

(4) Le Treoir 2006/39/CE ón gCoimisiún ([6]) cuimsíodh clóidineafop mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE go dtí an 31 Eanáir 2017.

(5) Le Treoir 2009/37/CE ón gCoimisiún ([7]) cuimsíodh comhdhúile copair mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE go dtí an 30 Samhain 2016 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1981 ón gCoimisiún ([8]) rinneadh athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú go dtí an 31 Nollaig 2025.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 200/2013 ón gCoimisiún an 8 Márta 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach aimeatochtraidin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 67, 9.3.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/200/oj).

([3]) Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocrorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/113/oj).

([4]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj).

([5]) Treoir 2011/6/AE ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun búpróifisin a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach (IO L 18, 21.1.2011, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/6/oj).

([6]) Treoir 2006/39/CE ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2006 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clóidineafop, pirimeacarb, riomsulfúrón, tolclófos-meitil agus tríthiaconasól a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 104, 13.4.2006, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/39/oj).

([7]) Treoir 2009/37/CE ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clóirmeacuat. comhdhúile copair, própacuiseafop, cuisileafop-P, teafluibeansúrón agus zéite-cipirmeitrin a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 104, 24.4.2009, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/37/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1981 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena ndéantar formheas na substaintí gníomhacha comhdhúile copair mar shubstaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú, a athnuachan, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 317, 14.12.2018, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1981/oj).

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 22/2013 ón gCoimisiún [9] formheasadh an tsubstaint ghníomhach ciafluimeitifein go dtí an 31 Bealtaine 2023.

(7) Le Treoir 2005/53/CE ón gCoimisiún [10] cuimsíodh daimínisíd mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE go dtí an 28 Feabhra 2016.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2084 ón gCoimisiún [11] formheasadh an tsubstaint ghníomhach fluipiridhéfhúrón go dtí an 9 Nollaig 2025.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 368/2013 ón gCoimisiún [12] formheasadh an tsubstaint ghníomhach víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera* go dtí an 31 Bealtaine 2023.

(10) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2085 ón gCoimisiún [13] formheasadh an tsubstaint ghníomhach mandastróibin go dtí an 9 Nollaig 2025.

(11) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 188/2013 ón gCoimisiún [14] formheasadh an tsubstaint ghníomhach mandaprópaimíd go dtí an 31 Iúil 2023.

(12) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 359/2012 ón gCoimisiún [15] formheasadh an tsubstaint ghníomhach meatam go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(13) Le Treoir 2004/30/CE ón gCoimisiún [16] cuimsíodh pireaclóstróibin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE go dtí an 31 Bealtaine 2014.

(14) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2198 ón gCoimisiún [17] formheasadh an tsubstaint ghníomhach rioscalúr go dtí an 18 Nollaig 2025.

---

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 22/2013 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ciafluimeitifein, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 11, 16.1.2013, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/22/oj).

([10]) Treoir 2005/53/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2005 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clóratailinil, clóratolúrón, cipirmeitrin, daimínisíd agus tiafanáit-meitil a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 241, 17.9.2005, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/53/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2084 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2015 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach fluipiridhéfhúrón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 302, 19.11.2015, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2084/oj).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 368/2013 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 111, 23.4.2013, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/368/oj).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2085 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2015 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach mandastróibin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 302, 19.11.2015, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2085/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 188/2013 ón gCoimisiún an 5 Márta 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach mandaprópaimíd, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 62, 6.3.2013, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/188/oj).

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 359/2012 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2012 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach meatam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 114, 26.4.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/359/oj).

([16]) Treoir 2004/30/CE ón gCoimisiún an 10 Márta 2004 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun aigéad beansóch, flasasulfúrón agus pireaclóstróibin a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 77, 13.3.2004, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/30/oj).

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2198 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2015 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach rioscalúr, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 313, 28.11.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2198/oj).

(15) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 367/2013 ón gCoimisiún ([18]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis* go dtí an 31 Bealtaine 2023.

(16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 917/2014 ón gCoimisiún ([19]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108 go dtí an 31 Nollaig 2024.

(17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1238/2012 ón gCoimisiún ([20]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 go dtí an 31 Bealtaine 2023.

(18) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 17/2013 ón gCoimisiún ([21]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237 go dtí an 31 Bealtaine 2023.

(19) Cuimsíodh na substaintí gníomhacha *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, búpróifisin, clóidineafop, daimínisíd agus pireaclóstróibin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([22]). Maidir leis na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin, ciafluimeitifein, fluipiridhéfhúrón, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, mandastróibin, mandaprópaimid, meatam, rioscalúr, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237, cuimsíodh iad i gCuid B den Iarscríbhinn, agus cuimsíodh na comhdhúile substainte gníomhaí copair i gCuid E den Rialachán a ghabhann leis an Rialachán sin.

(20) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún ([23]) cuireadh síneadh le tréimhsí formheasa na substainte gníomhaí *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108 go dtí an 31 Nollaig 2025.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 367/2013 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 111, 23.4.2013, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/367/oj).

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 917/2014 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2014 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 251, 23.8.2014, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/917/oj).

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1238/2012 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma asperellum* (tréithchineál T34), i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 350, 20.12.2012, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/1238/oj).

([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 17/2013 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 9, 15.1.2013, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/17/oj).

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 1,4-démheitiolnaftailéin, 6-beinsioladainín, aicéacuinicil, granalaivíreas *Adoxophyes orana*, sulfáit alúmanaim, aimíosulbróm, *Aureobasidium pullulans* (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), asadaraictin, *Bacillus pumilus* QST 2808, beanalacsail-M, bicsifein, búipireamáit, *Candida oleophila* tréithchineál O, clórantrainileapról, fosfónáit déshóidiam, déthianón, dóidín, eimimeictin, fluibeindé-aimíd, fluaimeatúrón, flocsaipiorocsad, flutríafól, heicsitiasocs, iomasamocs, iopconasól, iosocsaibein, aigéad L-ascorbach, sulfar aoil, ola oráiste, *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901, peindémheatailin, peanfluifein, peintiaipiorad, fosfónáití potaisiam, prósulfúrón, *Pseudomonas sp.* tréithchineál DSMZ 13134, pireadailil, piriófeanón, piorocsulam, cuinmeireac, aigéad S-scoiteach, seadacsán, sintifein, tiasulfáit airgid sóidiam, spíonatóram, spiriteitreamat, *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, tó-fluvailionáit, teabúifeanóisíd, teambaitrí-ón, tíoncarbasón, vailifeanaláit, foisfíd since (IO L 414, 9.12.2020, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2007/oj).

(21) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún ([24]) cuireadh síneadh le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, agus cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí clóidineafop go dtí an 15 Nollaig 2025.

(22) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 ón gCoimisiún, ([25]) cuireadh síneadh le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha ciafluimeitifein, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025, tréimhse formheasa na substainte gníomhaí meatam go dtí an 30 Samhain 2025, agus tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin agus mandaprópaimíd go dtí an 31 Nollaig 2025.

(23) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 ón gCoimisiún ([26]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí daimínisíd go dtí an 15 Meán Fómhair 2025.

(24) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/324 ón gCoimisiún ([27]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí pireaclóstróibin go dtí an 15 Meán Fómhair 2025, agus cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí búpróifisin go dtí an 15 Nollaig 2025.

(25) Cuireadh isteach iarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin, búpróifisin, ciafluimeitifein, daimínisíd, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, mandaprópaimíd, meatam, pireaclóstróibin, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([28]).

([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis an síneadh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas *Aizawai* de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas *Israeliensis* (séiritíopa H-14) de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál AM65-52, fospeiceas *Kurstaki* de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafop, *Cydia pomonella Granulovirus* (CpGV), ciopróidínil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, piridibein, pirimeiteanail, riomsulfúrón, spionasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí T. *harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí T. *harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí T. *viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/689/oj).

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aclóinífein, aimeatochtraidin, beaflubútaimid, beintiavalacarb, boscailid, captan, cleataidim, cioglocsaidim, ciafluaimeitifein, dasaimeit, déchlófop, démheatomorf, eiteafón, feanasacuin, fluaipicilíd, fluocsastróibin, fluraclóradón, foilpéad, foirmeiteanáit, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, himeacsasól, aigéad iondóiliolbútarach, mandaprópaimid, meatalacsail, meataildéad, meatam, meatasaclór, meitríbhúisin, milbimeictin, paclabútrasól, peanocsulam, feinmeideafam, pirimeafos-meitil, própamacarb, prócuineaisid, próitiaconasól, S-meitileaclór, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 160, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/918/oj).

([26]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóirmeacuat, clóratolúrón, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrin, eoigeanól, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilin, foistiasáit, géiréiniól, MCPA, MCPB, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinpiorad, tíomól agus tríteasulfúrón (IO L 224, 12.9.2023, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1757/oj).

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/324 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, brómúconasól, búpróifisin, ciofluifeanaimíd, fluasanam, fluaipioram, flutolainil, lambda-ciahalaitrin, meiceapróp-P, meipiocuat, meatsulfúrón-meitil, fosfán agus pireaclóstróibin (IO L, 2024/324, 22.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/324/oj).

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

(26) An 20 Meán Fómhair 2020, an 2 Nollaig 2016, an 23 Iúil 2020, an 10 Iúil 2020, an 15 Aibreán 2013, an 22 Iúil 2020, an 13 Deireadh Fómhair 2020, an 18 Iúil 2019, an 7 Márta 2014, an 22 Iúil 2020, an 24 Meán Fómhair 2020 agus an 11 Meán Fómhair 2020, na Ballstáit is rapóirtéirí maidir leis na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin, *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, búpróifisin, ciafluimeitifein, daimínisíd, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, mandaprópaimíd, meatam, pireaclóstróibin, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237, chuir siad na Ballstáit is comhrapóirtéirí, an Coimisiún agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an eolas go raibh measúnú déanta acu ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe iomláine agus tráthúlacht gach ceann de na hiarratais ar fhormheas gach ceann de na substaintí gníomhacha sin a athnuachan agus tháinig siad ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Chuir an tÚdarás na hiarratais sin ar fáil go poiblí de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012.

(27) Níl na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 le haghaidh aimeatochtraidine agus mandaprópaimíde tugtha chun críche go fóill ag na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann agus tá gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a thabhairt i gcrích.

(28) An 9 Samhain 2023, an 18 Iúil 2024, an 9 Meán Fómhair 2021, an 20 Meitheamh 2017, an 26 Meitheamh 2023, an 31 Deireadh Fómhair 2018, an 9 Márta 2020, an 10 Lúnasa 2021, an 19 Feabhra 2018, an 9 Márta 2022, an 31 Eanáir 2024 agus an 2 Meán Fómhair 2024, chuir na Ballstáit is rapóirtéirí le haghaidh na substaintí gníomhacha *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, búpróifisin, clódinafop, ciafluimeitifein, daimínisíd, víreas polaihéadróise núicléach *Heicoverpa armigera*, meatam, pireaclóstróibin, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237 an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, de bhun Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, go raibh an fhaisnéis ábhartha uile san fhormáid a comhaontaíodh sna tuarascálacha maidir leis na substaintí gníomhacha sin uile, gur scaipeadh ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit eile iad agus gur cuireadh ar fáil don phobal iad le haghaidh barúlacha i scríbhinn.

(29) Níl na meastóireachtaí le haghaidh víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis* ná *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237 curtha i gcrích go fóill ag an Údarás agus tá gá le ham breise chun a chonclúidí a thabhairt chun críche, agus chun go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin.

(30) Maidir leis na substaintí gníomhacha *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, ciafluimeitifein, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, meatam agus *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí isteach í laistigh den sprioc-am a tugadh. Mar sin féin, teastaíonn am breise ón Údarás chun na meastóireachtaí a chur i gcrích agus chun a chonclúidí a thabhairt chun críche, agus chun go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin.

(31) I gcás na substainte gníomhaí clóidineafop, d'iarr an tÚdarás i gcomhairle leis na Ballstáit faisnéis bhreise de bhun Airteagal 14(1a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605. Chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis bhreise isteach laistigh den sprioc-am a tugadh. Fuarthas an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan ón mBallstát is rapóirtéir agus tugadh an comhairliúchán poiblí ina leith chun críche an 3 Samhain 2024. Mar sin féin, teastaíonn am breise ón Údarás chun an mheastóireacht a chur i gcrích agus chun a chonclúid a thabhairt chun críche, agus chun go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin.

(32) Maidir leis na substaintí gníomhacha búpróifisin, daimínisíd agus pireaclóstróibin, ghlac an tÚdarás a chonclúidí an 1 Aibreán 2025, an 18 Nollaig 2024, agus an 28 Eanáir 2025 faoi seach, agus tá siad curtha in iúl aige do na hiarratasóirí, do na Ballstáit agus don Choimisiún. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le pléití maidir le formheasanna na substaintí gníomhacha sin a athnuachan sa Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha agus tá tuarascáil athnuachana agus dréachtrialachán curtha i láthair aige. Tá gá le ham breise chun tuairim an Choiste sin a chur in iúl agus chun go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin.

(33) Cuireadh isteach iarratais ar fhormheasanna na substaintí gníomhacha comhdhúile copair, fluipiridhéfhúrón, mandastróibin, rioscalúr agus *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108 faoi seach a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún ([29]).

(34) An 22 Aibreán 2024, an 9 Márta 2023, an 7 Márta 2023, agus an 15 Nollaig 2022, chuir na Ballstáit is rapóirtéirí le haghaidh na substaintí gníomhacha fluipiridhéfhúrón, mandastróibin, rioscalúr agus *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108 in iúl do na Ballstáit is comhrapóirtéir, don Choimisiún agus don Údarás go raibh measúnú déanta acu ar inghlacthacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, agus go háirithe ar iomláine agus tráthúlacht gach ceann de na hiarratais ar fhormheas gach ceann de na substaintí gníomhacha sin a athnuachan agus tháinig siad ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Chuir an tÚdarás na hiarratais sin ar fáil go poiblí de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740. Cuireadh isteach na sainchomhaid chun formheas na substainte gníomhaí comhdhúile copair a athnuachan i mí na Nollag 2022 agus tá measúnú á dhéanamh fós ag an mBallstát is rapóirtéir ar inghlacthacht an iarratais ar fhormheas na substainte gníomhaí sin a athnuachan de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740.

(35) Na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 maidir leis na substaintí gníomhacha comhdhúile copair, fluipiridhéfhúrón, mandastróibin agus *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, níl siad tugtha chun críche go fóill ag na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann agus tá gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a thabhairt i gcrích.

(36) An 9 Meitheamh 2025, chuir an Ballstát is rapóirtéir le haghaidh na substainte gníomhaí rioscalúr an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. De bhun Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, tá scrúdú fós á dhéanamh ag an Údarás an bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile san fhormáid chomhaontaithe sa tuarascáil.

(37) Dá bhrí sin is dócha i gcás na substaintí gníomhacha uile nach mbeifear in ann cinneadh a dhéanamh i leith a bhformheasanna a athnuachan sula rachaidh a dtréimhsí formheasa lena mbaineann in éag, idir an 15 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2025. Ina theannta sin, níl neart ag na hiarratasóirí lena mbaineann ar na cúiseanna atá leis na moilleanna ar na nósanna imeachta athnuachana sin. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin chun gur féidir na measúnuithe a cheanglaítear a chur i gcrích agus chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta lena mbaineann maidir leis na formheasanna a athnuachan.

(38) I gcás na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin, comhdhúile copair, fluipiridhéfhúrón, mandaprópaimíd agus *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, níl an measúnú riosca tugtha chun críche go fóill ag na Ballstáit is rapóirtéirí. Agus na céimeanna ina dhiaidh sin atá le cur i gcrích i ngach nós imeachta athnuachana á gcur san áireamh, ba cheart fad an tsínidh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin a shocrú ag 29 mí i gcás aimeatochtraidine, agus ag 42 mhí i gcás comhdhúile copair, fluipiridhéfhúróin, mandastróibine, mandaprópaimíde agus *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108.

(39) I gcás na substaintí gníomhacha *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, clóidineafop, ciafluimeitifein, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, meatam, rioscalúr, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237, teastaíonn am breise ón Údarás chun teacht ar chonclúid maidir leis an riosca. Agus na céimeanna ina dhiaidh sin atá le cur i gcrích i ngach nós imeachta athnuachana á gcur san áireamh, ba cheart fad an tsínidh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin a shocrú ag 19 mí go leith i gcás clóidineafop, ag 23 mhí go leith i gcás *Beauveria bassiana* tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, ciafluimeitifeine, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, meataim, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237, agus ag 29 mí i gcás rioscalúir.

(40) I gcás na substaintí gníomhacha búpróifisin, daimínisíd agus pireaclóstróibin, ós rud é go bhfuil tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ar feitheamh, agus i bhfianaise na gcéimeanna atá fós le cur i gcrích sna nósanna imeachta athnuachana sin, ba cheart síneadh 12 mhí ar an tréimhse formheasa a shocrú.

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1740/oj).

(41) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.

(42) I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforáiltear nach ndéantar formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, is é an dáta a shocróidh an Coimisiún mar dháta éaga dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó an dáta céanna a bhí ann roimh ghlacadh an Rialacháin seo, cibé dáta acu sin is déanaí. I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún Rialachán lena ndéantar foráil maidir le hathnuachan a dhéanamh ar fhormheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí sna himthosca, an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a leagan síos.

(43) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

1. Leasaítear Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:
   (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 81, Pireaclóstróibin, cuirtear ‘15 Meán Fómhair 2026’ in ionad an dáta;
   (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 104, Daimínisíd, cuirtear ‘15 Meán Fómhair 2026’ in ionad an dáta;
   (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 123, Clóidineafop, cuirtear ‘an 31 Iúil 2027’ in ionad an dáta;
   (4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 197, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, cuirtear ‘15 Meán Fómhair 2027’ in ionad an dáta;
   (5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 320, Búpróifisin, cuirtear ‘15 Nollaig 2026’ in ionad an dáta;

2. Leasaítear Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:
   (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 22, Meatam, cuirtear ‘15 Samhain 2027’ in ionad an dáta;
   (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 29, *Trichoderma asperellum* tréithchineál T34, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad an dáta;
   (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 31, Ciafluimeitifein, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad an dáta;
   (4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 32, *Trichoderma atroviride* tréithchineál I-1237, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad an dáta;
   (5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 33, Aimeatochtraidin, cuirtear ‘31 Bealtaine 2028’ in ionad an dáta;
   (6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 34, Mandaprópaimíd, cuirtear ‘30 Meitheamh 2029’ in ionad an dáta;
   (7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 38, víreas polaihéadróise núicléach *Helicoverpa armigera*, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad an dáta;
   (8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 42, víreas polaihéadróise núicléach *Spodoptera littoralis*, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad an dáta.
   (9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 79, *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, cuirtear ‘30 Meitheamh 2029’ in ionad an dáta;
   (10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 91, Fluipiridhéfhúrón, cuirtear ‘9 Meitheamh 2029’ in ionad an dáta;
   (11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 92, Rioscalúr, cuirtear ‘18 Bealtaine 2028’ in ionad an dáta;
   (12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 93, Mandastróibin, cuirtear ‘9 Meitheamh 2029’ in ionad an dáta;

3. I gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún, sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 10, Comhdhúile copair, cuirtear ‘30 Meitheamh 2029’ in ionad an dáta.